

Timpeall na gClubanna



Buíochas le Sportsfile

**IS MÓR AN
FORMAD ATÁ AG
CLUBANNA LEO**

Roibeard Eiméid, Sleacht Néill

Le Liam de Lása

Is gráin liom an nós a bhíonn ag lucht na meán ó am go ham a gcos a bhualadh ar fhoirne maithe rathúla. Tarraingítear airgead, tíreolaíocht agus neamhaird ar chluichí eile, mar shampla, isteach sa scéal chun beag is fiú a dhéanamh den ngaisce atá déanta acu. An rud is mó a théann i bhfeidhm orm faoi Roibeard Eiméid ná go bhfágann siad lucht an cháinte ina dtost.

Ag bun Shliabh Speirín i ndeisceart Dhoire a luíonn baile Shleacht Néill, an paróiste beag iargúlta scartha amach i ndeoraíocht ó fhuirseadh an tsaoil. Trí chéad tigh neadaithe go hálainn trasna an tírdhreacha i measc na mbunchloch traidisiúnta Éireannach, an séipéal, Páirc CLG agus tigh tábhairne áitiúil. Níl mórán le hiad a scarúint ó cheantair Éireannacha eile ó thaobh an rachmais de ach taibhsítear dúinn tréith chumhachtach san fhuil acu nach féidir a cheannach.

Is mór an formad atá ag clubanna leo agus ní hiad na boinn amháin is cúis leis an bhformad seo. Is eiseamláir iad ar thábhacht na gclubanna CLG más fúinn atá sé ceantair i mbaol a chosaint sna deich mbliana atá romhainn. Tá foirne na mban agus foirne na bhfear ag obair as lámha a chéile agus ag gríosadh a chéile dá bharr. Cothaíonn an comhoibriú seo spríod orgánach san áit. Múnlaíonn sé iad mar aon chlann amháin agus is deacair an spríod sin a bhriseadh nuair a thagann an crú ar an tairne.

Chuirfeadh sracfhéachaint ar chlár na n-onóracha ó 2012 leathadh ar do shúile, cuma cén áit as a dtagann an club. Ba ann a chaith Corn Uí Chearbhaill tréimhse na dianghlasála tar éis do na mná a dtríú craobh club na hÉireann a bhuachaint as a chéile i 2019. In ainneoin nach bhfuil an ceann mór buaite ag na fir go fóill, tá craobh Dhoire tugtha leo acu sé huaire le linn an achair sin chomh maith le dhá chraobh Uladh i 2016 agus 2017.

Muna raibh cúrsaí broidiúil go leor dóibh leis an méid sin, bhí peileadóirí na dúiche in aird a réime ag an am céanna ag buachaint trí chraobh Uladh roimh dheireadh na ndeich mbliana.

Mairfidh séasúr 2017 i gcuimhne mhuintir Shleacht Néill go deo. Um Nollaig nuair a bhí an chuid eile againn suite go teolaí cois tine, bhí imreoirí peile, iomána agus camógaíochta dá gcuid i mbun prapála chun léagar a dhéanamh ar bhabhtáí leathcheannais sinsir na hÉireann san athbhliain. Bhí na trí chorn Uladh slánaithe sa chófra fén Nollaig agus súil acu go mbeadh na caithréimeanna móra bainte amach roimh theacht an chéad earraigh eile.

Níor éirigh leis na fearaibh i gceachtar den dá chód ach bhain mná an pharóiste an duais náisiúnta amach i Márta na bliana 2018. A bhuí lena gcur chuige uileghabhálach thar thréimhse deich mbliana bhí lúthchleasaithe na háite tagaithe chun coinlíochta os comhair na tíre, díreach ag am inar ceapadh go raibh an taoide ag casadh i dtreo na gclubanna cathrach.

Bíonn a dtimthriall féin ag chaon fhoireann spóirt. Is minic a thagann an timthriall chun deiridh tar éis cor cinniúnach chomh maith. Thabharfaí maithiúnas dóibh dá dtiocfadh lagaíocht ar na coirp agus na hintinní le cúpla séasúr anuas ach níor tháinig.



Buíochas le Sportsfile

Téann an bhris go croí i gclubanna áirithe. Bíonn sé pearsanta agus treabhann sé scoilteanna idir cairde nach leigheasfar go deo ach ní gnáthclub atá i Roibeard Eiméid. In ionad a gcroíthe a bhriseadh, d'adaigh sé tine an díocais iontu agus neartaigh sé an spríod foirne sa tslí is gur fhíll na hiománaithe i gcoinne Sheamrúga Bhaile Héil i 2019 i mbabhta leathcheannais na hÉireann.

Fuair saighdiúirí Henry Shefflin an ceann is fearr orthu sa deireadh ach léirigh sé uair amháin eile go suíonn cumann Roibeard Eiméid le mórtas i measc na gclubanna is fearr sa tír. Níos suntasaí fós, suíonn siad ar an mbord céanna thar thrí chluiche náisiúnta agus ionsaitheoirí an mhéarchláir fágtha ina dtost acu.

Gráin - Hate
Neamhaird - Disregard
Deoraíocht - Exile
Broidiúil - Busy
Formad - Envy
Orgánach - Organic

Lonsaitheoirí - Attackers
Lagaíocht - Weakness
Fuirseadh - Fuss
Uileghabhálach - Comprehensive
Timthriall - Timthriall
Caithréim - Triumph

Cúinne na bPáistí

Cuardach Focal

C	C	A	T	I	M	T	H	R	I	A	L	L	S
H	A	S	C	A	R	T	H	A	A	R	C	I	T
N	L	I	E	I	I	E	A	L	I	U	F	T	R
H	R	H	L	O	A	G	D	A	I	E	C	E	E
P	E	R	I	B	L	L	L	M	R	I	B	L	A
M	R	A	A	E	C	R	H	I	H	H	B	E	B
B	T	I	B	B	T	N	O	R	B	C	R	T	H
O	A	S	O	T	E	D	B	U	A	I	T	E	A
R	I	A	L	C	D	R	C	R	I	I	E	A	N
D	R	M	A	B	U	N	C	H	L	O	C	H	N
R	N	H	U	N	A	C	A	H	S	F	I	E	N
O	E	C	B	A	D	E	I	S	C	E	A	R	T
C	L	A	S	I	R	L	E	I	G	H	E	A	S
A	A	R	H	D	E	A	C	A	I	R	T	I	H

DOIRE
RACHMAS
BAILE
TREABHANN
BARR
COIRP
BUNCHLOCH
TIMTHRIALL
SCARTHA
COR
LEIGHEAS
TAIRNE
SLIABH
FUIL
DEACAIR
BUAITE
DEISCEART
CUIMHNE
BORD